Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13822/26**

**FIN 1382**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 2 Deireadh Fómhair 2026 |
| chuig: | Simon HARRIS, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | BUDGET DEC(2026) 19 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2026 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad BUDGET DEC(2026) 19.

---

Faoi iamh: BUDGET DEC(2026) 19

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 02/10/2026

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2026
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 10, 11

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 19/2026**

---

## ÓN gCAIBIDIL SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 10 02 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 10 02 01 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) | Gealltanais | – 15 100 000,00 |

**CAIBIDIL -** 10 10 Gníomhaireachtaí díláraithe

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 10 10 01 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) | Gealltanais | – 39 000 000,00 |

## CHUIG

**CAIBIDIL -** 11 10 Gníomhaireachtaí díláraithe

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 11 10 01 An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) | Gealltanais | 41 600 000,00 |
| AIRTEAGAL - 11 10 02 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) | Gealltanais | 12 500 000,00 |

## I. Laghdú

### I.1

### a) Ceannteideal

**10 02 01 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)**

### b) Figiúirí an 18/09/2026

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 2 068 558 639,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 0,00 |
| 3 Aistrithe | 0,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 2 068 558 639,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 2 050 639 311,83 |
| **6 Leithreasuithe atá ar fáil (4-5)** | **17 919 327,17** |
| **7 An laghdú a iarradh** | **15 100 000,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (6-7)** | **2 819 327,17** |
| 9 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 0,73 % |
| 10 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 237 413 078,75 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 18/09/2026 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 100,00 % |

### d) Foras mionsonraithe leis an Laghdú

Tá sé beartaithe EUR 15,1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a ath-imlonnú ó líne bhuiséid an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais gan choinne atá ag teacht chun cinn i réimse an Bhainistithe Teorainneacha, lena dtreiseofar dhá ghníomhaireacht dhíláraithe, Frontex agus eu-Lisa, faoi línte buiséid 11 10 01 agus 11 10 02, faoi seach.

Fuair AMIF méid EUR 15,1 milliún mar ioncam sannta inmheánach le linn 2026, agus dá bhrí sin níl coinne le haon tionchar oibríochtúil ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi AMIF.

## I. Laghdú

### I.2

### a) Ceannteideal

**10 10 01 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)**

### b) Figiúirí an 18/09/2026

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 248 512 949,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 0,00 |
| 3 Aistrithe | 0,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 248 512 949,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 209 512 949,00 |
| **6 Leithreasuithe atá ar fáil (4-5)** | **39 000 000,00** |
| **7 An laghdú a iarradh** | **39 000 000,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (6-7)** | **0,00** |
| 9 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 15,69 % |
| 10 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 3 504 663,72 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 18/09/2026 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 100,00 % |

### d) Foras mionsonraithe leis an Laghdú

Le linn an athbhreithnithe buiséid lár bliana, shainaithin Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) go bhfuil roinn deiseanna ann chun ath-imlonnú a dhéanamh. Cuireadh borradh suntasach faoin gcistiú agus faoin líon foirne in 2025-2027 ón athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme. Níor cuireadh tús le cur chun feidhme an Chomhshocraithe go dtí mí an Mheithimh 2026, áfach, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar sheirbhísí conraitheoirí agus ar chaiteachas le haghaidh na ngníomhaíochtaí gaolmhara sa dara leath de 2026 agus in 2027. Ina theannta sin, an deireadh atá á chur de réir a chéile leis na gníomhairí ar conradh gearrthéarmacha a leithdháileadh ar EUAA nuair a cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cúitíonn sin den chuid is mó an 100 post nua do ghníomhairí ar conradh a leithdháileadh don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann sa tréimhse 2025-2027, poist a bheidh ann ar bhonn buan. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe EUR 39 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú chun na riachtanais arna sainaithint ag Frontex faoi línte buiséid 11 10 01 a chumhdach.

Cuirtear EUR 15 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar fáil freisin i dtogra DEC 18/2026 an údaráis bhuiséadaigh i gcomhair aistrithe.

## II. Méadú

### II.1

### a) Ceannteideal

**11 10 01 An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)**

### b) Figiúirí an 18/09/2026

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 106 942 519,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 0,00 |
| 3 Aistrithe | 8 400 000,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 1 115 342 519,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 1 106 942 519,00 |
| **6 Leithreasuithe atá ar fáil (4-5)** | **8 400 000,00** |
| **7 An méadú a iarradh** | **41 600 000,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (6+7)** | **50 000 000,00** |
| 9 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 3,76 % |
| 10 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 18 924 552,81 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 18/09/2026 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 100,00 % |

### d) Foras mionsonraithe leis an Méadú

Mar gheall ar an mbrú oibríochtúil agus ar an éileamh méadaithe ó na Ballstáit ar sheirbhísí Frontex, go háirithe i réimsí an fhillte agus an ath-lánpháirtithe, iarrtar treisiú EUR 41,6 milliún ar ranníocaíocht an Aontais le Frontex i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun tacú le filleadh agus ath-lánpháirtiú ar níos mó ná 65 000 náisiúnach tríú tír faoi dheireadh 2026, agus le cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais bhuiséadacha a eascraíonn as an staid luaineach ag na teorainneacha seachtracha, go háirithe an ghéarchéim a bhí ann le déanaí in Ceuta.

In éineacht leis an EUR 8,4 milliún a ath-imlonnófar cheana féin trí aistriú uathrialach ón gCoimisiún ó líne bhuiséid na hIonstraime le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV), is ionann na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bheidh ar fáil go dtí deireadh na bliana agus EUR 50 milliún. Iarrtar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí den mhéid céanna (EUR 50 milliún) freisin i dtogra DEC 18/2026 an údaráis bhuiséadaigh i gcomhair aistrithe.

## II. Méadú

## II.2

### a) Ceannteideal

**11 10 02 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)**

### b) Figiúirí an 18/09/2026

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 316 693 872,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 0,00 |
| 3 Aistrithe | 476 995,50 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 317 170 867,50 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 317 170 867,50 |
| **6 Leithreasuithe atá ar fáil (4-5)** | **0,00** |
| **7 An méadú a iarradh** | **12 500 000,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (6+7)** | **12 500 000,00** |
| 9 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 3,95 % |
| 10 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 1 962 882,50 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 18/09/2026 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 100,00 % |

### d) Foras mionsonraithe leis an Méadú

Iarrtar treisiú EUR 12,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun riachtanais na gníomhaireachta a eascraíonn as tosca éagsúla a chumhdach:

- Táirgí insoláthartha a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a oiriúnú don Idir-inoibritheacht (IO), tríd an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN);
- Dlús a chur le cur i gcrích táirgí insoláthartha a bhaineann le soláthar crua-earraí coiteanna atá comhoiriúnach le hardáin chomhroinnte don Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) athbhreithnithe;
- Teacht i bhfeidhm an Bhunachair Sonraí nua Eorpaigh um Dhachtalascópacht (Eurodac), an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), ETIAS agus ECRIS-TCN;
- Garspriocanna a chomhlíonadh chun córais a chur in oiriúint do chomhpháirteanna idir-inoibritheachta, bonneagar agus gníomhaíochtaí tástála.

Iarrtar EUR 76 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí freisin i dtogra DEC 18/2026 an údaráis bhuiséadaigh i gcomhair aistrithe.